# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2013**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

**ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**AGUS**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# CUID 1 (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 MARC)

**Scéim Mharcála Imlíne**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) | **11**. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **2**. | 8 marc | **12.** | 8 marc (4 m + 4 m) |
| **3**. | 8 marc (4 m + 4 m) | **13**. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **4**. | 8 marc (4 @ 2 m) | **14**. | 2 @ 4 m an ceann (2 m + 2 m) |
| **5**. | 8 marc (4 m + 4 m) | **15**. | 8 marc |
| **6**. | 8 marc (4 m + 4 m) | **16**. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| **7**. | 8 marc (4 m + 4 m) | **17**. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **8**. | 8 marc | **18**. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| **9**. | 8 marc (4 m + 4 m) | **19**. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| **10**. | 2 @ 4 m an ceann (2 m + 2 m) | **20**. | 8 marc (3 m + 3 m + 2 m) |

# CUID 2 (200 marc)

4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | Cúngach praghais le costas | 10 marc (5 m + 5 m) | 10 |
| | **(b)** | Blianta:<br>Míniúchán: | 6 m (3 m + 3 m)<br>2 @ 5 m (3 m + 2 m) | 16 |
| | **(c)** | **Ionchuir:** | | |
| | | (i) 3 shraith de shamplaí | 3 @ 3 m an ceann (2 m + 1 m) | 9 |
| | | (ii) 3 Thoisc | 3 @ 5 m an ceann (3 m + 2 m) | 15 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | Téarmaí creidmheasa:<br>Déan tagairt do na cúinsí eacnamaíochta atá ann faoi láthair | 3 @ 4 m (2 m + 2 m)<br><br>3 @ 2 m an ceann | 18 |
| | **(b)** | Ríomh: | 12 mharc (6 @ 2 m) | 12 |
| | **(c)** | Dhá chúis: | 2 @ 10 m (5 m + 5 m) | 20 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Ríomhanna: | 5 @ 3 m do bhearta<br>3 m d'iomlán deiridh atá ceart | 18 |
| | **(b)** | Ról na n-easpórtálacha: | 3 @ 6 mharc (4 m + 2 m) | 18 |
| | **(c)** | Sochair bhuiséadacha a bhaineann le CAP | 7 marc (4 m + 3 m) | |
| | | Sochair a bhaineann le Praghas Trádála | 7 marc (4 m + 3 m) | 14 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | | Cuar Lántáirgeachta: | 10 marc | 10 |
| | **(b)** | | Trí mhíniúchán: | 3 @ 10 m an ceann (5 m + 5 m) | 30 |
| | **(c)** | | Léaráid | 5 mharc | |
| | | | Míniúchán ar thionchar | 5 mharc (3 m + 2 m) | 10 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | | Míniúchán ar YED: | 10 marc (5 m + 5 m) | 10 |
| | **(b)** | | Trí ríomh | 3 @ 5 mharc an ceann | 15 |
| | **(c)** | | Trí mhíniúchán: | 3 @ 5 m an ceann (3 m + 2 m) | 15 |
| | **(d)** | | Míniúchán: | 10 marc (5 m + 5 m) | 10 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | (i) | Léaráid | 5 mharc | |
| | | | Míniúchán ar thionchar: | 5 mharc (3 m + 2 m) | |
| | | (ii) | Dhá chostas: | 2 @ 5 mharc an ceann | |
| | | (iii) | Dhá shlí: | 2 @ 5 mharc an ceann | 30 |
| | **(b)** | (i) | Léaráid | 5 mharc | |
| | | | Míniúchán ar thionchar: | 5 mharc (3 m + 2 m) | |
| | | (ii) | Dhá shlí: | 2 @ 5 mharc an ceann | 20 |
| | | | | | **[50 marc]** |

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA 2013


## ARDLEIBHÉAL

## NÓTAÍ TACAÍOCHTA

## CUID 1 (120 marc)

FREAGAIR **CÚIG** CHEIST **DÉAG**.

1. **In Éirinn, bíonn thart ar 285,000 heicteár talaimh in úsáid le barra a tháirgeadh. Taispeánann an phíchairt ar dheis an líon heicteár faoi gach ceann de na ceithre phríomhchineál bairr. Chun an tábla thíos a chomhlánú, scríobh isteach líon na heicteár a úsáidtear le haghaidh gach cineál bairr díobh.**




| **Barr** | **Achar ( ’000 heicteár)** |
|---|---|
| Eorna | **167.7** |
| Coirce | **21.3** |
| Prátaí | ***11.7 (tugtha)*** |
| Cruithneacht | **84.3** |

2. Is é is conacra ann ná talamh talmhaíochta a thógáil ar cíos ar feadh tréimhse suas go **11 mhí**.

3. **Nuair a bhíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ag bailiú staitisticí oifigiúla sainmhíníonn sí an talmhaíocht mar:**
An ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le barra agus le beostoc a tháirgeadh ar fheirmeacha na tíre. Aonad, ó thaobh cúrsaí teicniúla de agus ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de araon, a bhfuil bainistíocht aonair i gceist leis agus a thugann faoi ghníomhaíocht talmhaíochta/faoi fheirmeoireacht mar phríomhghníomhaíocht dá chuid.
An eolaíocht, an ealaín, agus an gnó a bhaineann le hithir a shaothrú, le barra a tháirgeadh agus le beostoc a thógáil.

4. **Glac leis gurbh é 80 Praghasinnéacs Aschur Talmhaíochta (AOPI) agus gurbh é 125 Praghasinnéacs Ionchur Talmhaíochta (AIPI) i mbliain áirithe. Bain úsáid as an spás thíos chun téarmaí trádála na bhfeirmeoirí a ríomh.**

   Freagra: Téarmaí Trádála = AOPI / AIPI * 100 = 80 /125 * 100 = 64%

5. In 2011 d’easpórtáil Éire thart ar **90%** dá haschur glan mairteola, agus cuireadh thart ar **50%** de go dtí margadh na Ríochta Aontaithe.

6. **Cad dó a seasann na túslitreacha seo i bpolasaí talmhaíochta?**

   **(i) SCTT [REPS]:** An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath
   **(ii) SRCT [AEOS]:** An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta.

**7. Sainmhínítear *Fíor-Olltáirgeacht Intíre* mar:** thomhas ar an gcainníocht earraí agus seirbhísí a tháirgtear i ngeilleagar laistigh de thréimhse áirithe ama. Bíonn tionchar ag athruithe ar aschur agus ar phraghsanna araon ar Olltáirgeacht Intíre Ainmniúil. Cuireann Fíor-Olltáirgeacht Intíre athruithe ar phraghas de bharr boilsciú san áireamh. Chun coigeartú d'athruithe i bpraghsanna, ríomhtar Fíor-Olltáirgeacht Tíre trí úsáid a bhaint as praghsanna ó bhliain ar leith, is é sin, an bhonnbhliain. Cuireann sé sin ar chumas Fíor-Olltáirgeacht Tíre athruithe ar aschur a thomhas ar bhealach ar leithligh ó athruithe ar phraghsanna.

**8. Má tá cóimheas leachtachta de 0.67:1 agus cóimheas glanfhiúchais de 0.66:1 ag feirm, cé acu ráiteas díobh seo a leanas is fearr a chuireann síos ar staid airgeadais na feirme?**

| | |
|---|---|
| Tá an fheirm sócmhainneach ach tá roinnt fadhbanna leachtachta aici. | ✓ |

**9. Luaigh *dhá* shochar atá le baint ag feirmeoir déiríochta as a bheith rannpháirteach i gComhpháirtíocht Táirgthe Bainne atá cláraithe:**
Tá níos mó ná 600 comhpháirtíocht chláraithe bainne in Éirinn faoi láthair. Tá fás suntasach tagtha ar líon na bhfeirmeoirí a bhíonn ag bunú comhpháirtíochtaí den sórt sin agus tá siad aitheanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara mar a ghné fhíorthábhachtach d'fhorbairt na talmhaíochta sa todhchaí.

**(i)** Maoiniú comhcheangailte
**(ii)** Daonchumhacht mhéadaithe
**(iii)** Barainneachtaí scála
**(iv)** Sochair shóisialta agus folláine
**(v)** Sláinte agus sábháilteacht cheirde

**10. Déan idirdhealú idir *boilsciú* agus *díbhoilsciú*:**
Tarlaíonn boilsciú nuair a bhíonn claonadh ag praghsanna foriomlána/ginearálta sa gheilleagar chun ardú. Tarlaíonn díbhoilsciú (a bhíonn i bhfad níos annaimhe) nuair a laghdaíonn leibhéil na bpraghsanna ginearálta le himeacht ama.

**11. Luaigh dhá thréith a bhaineann le feirmeoireacht na hÉireann ar féidir leo margaíocht rathúil a theorannú:**

(i) Struchtúr na feirmeoireachta – líon mór d'aonaid atá sách beag
(ii) Scaipeadh leathan geografach
(iii) Séasúracht an tsoláthair
(iv) Nádúr toirtiúil agus somheata na dtáirgí
(v) Rósholáthar margaí idirnáisiúnta.

**12. *Is é atá sa Scéim um Thrádáil Cuóta Bainne ná*** an príomh-mhodh **trína bhfaigheann táirgeoirí cuóta breise bainne**. Tá an scéim á hoibriú ag an Roinn ach tá sí á reáchtáil ar bhonn ceantar Comharchumainn. Tugtar deis do tháirgeoirí **cuótaí a dhíol agus a cheannach** faoin scéim. Cuirtear uasmhéid de 30% de na cuótaí atá á dtairiscint lena ndíol i gceantar Comharchumainn ar fáil do tháirgeoirí na catagóire tosaíochta ar phraghas a shocraíonn an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Trádáiltear an fuíoll ar an malartán margaidh ar Phraghas Imréitigh Margaidh, arna shocrú de réir soláthair agus éilimh.

**13. Luaigh *dhá* chineál ionstraim reachtaíochta a mbaineann an tAontas Eorpach úsáid astu:**

(i) Rialachán
(ii) Treoir
(iii) Cinneadh

**14**. **Déan idirdhealú idir thobhaigh *Ad Valorem* agus thobhaigh *Inathraitheacha*:**

Ríomhtar **tobhach Ad Valorem** mar chéatadán áirithe de phraghas iompórtáilte an táirge. Méadaíonn an tobhach de réir mar a mhéadaíonn praghas an táirge.

Aistríonn **tobhach Inathraitheachta** ar malairt treo leis an bpraghas iompórtáilte ionas nach féidir leis an táirge dul isteach faoi íosphraghas, is cuma cé chomh saor is atá sé ar an margadh seachtrach. Is é an margadh a chinneann an praghas. Is ionann an tobhach inathraitheachta agus an difríocht idir praghas an mhargaidh agus an praghas iompórtáilte deiridh.

**15. Tá líon beag próiseálaithe déiríochta in Éirinn a rialaíonn an chuid is mó de sciar an mhargaidh eatarthu.** Cuireann sé sin in iúl gur **olagaplacht** é margadh na próiseála déiríochta.

**16. Is é an ról atá ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) ná** gach beart réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann an bia a tháirgtear, a dháiltear nó a ndéantar margaíocht air sa Stát **na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht** agus le sláinteachas bia. Tá sé mar aidhm ag FSAI a chinntiú **go gcomhlíonann bia ceanglais dhlíthiúla** nó, nuair is cuí, **cóid aitheanta dea-chleachtais**.

**17. Luaigh *dhá* shlí a bhfuil tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar iompar thomhaltóirí na hÉireann i leith bia:**

- (i) Tomhaltóirí géarchúiseacha: ag féachaint thart níos minice le haghaidh praghsanna níos fearr, ag díriú ar shiopaí a thairgeann tairiscintí speisialta nó cúpóin
- (ii) Cinntí ceannaigh a mhoilliú, go háirithe i gcás earraí buanfasacha
- (iii) Cócaireacht a dhéanamh sa bhaile in ionad a bheith ag ithe amach
- (iv) Feasacht mhéadaithe ar tháirgí Éireannacha nó ar tháirgí a tháirgtear go háitiúil a cheannach
- (v) Feasacht mhéadaithe ar chaighdeán agus ar úire bia, agus bítear ag ceannach níos lú bianna áise
- (vi) Bíonn níos mó daoine ag seachaint táirgí ar ghnáth leo a cheannach roimhe sin
- (vii) Bíonn níos lú airgid á chaitheamh ar thurais siopadóireachta, ach bítear ag dul ar thurais siopadóireachta níos minice.

**18. Is é is *Ollfhoirmiú Caipitil* sa talmhaíocht ann ná** breiseanna in aon tréimhse ama le sócmhainní feirme, e.g. feabhsúcháin talún, foirgnimh, beostoc síolraíochta, innealra agus trealamh.

**19. Is é atá sa limistéar táirgthe atá *éifeachtach go teicniúil* ná:**

Deirtear gur éifeachtach go teicniúil atá gach pointe ar an bhFeidhm Táirgthe/Cuar Iomlán Táirgí/Teorainn Féidearthachta Táirgiúlachta (PPF). Tá na hacmhainní uile á n-úsáid go héifeachtach.

**20. Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach aon cheann de na ráitis seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Is é is fíor-rátaí úis ann ná rátaí úis ainmniúla a coigeartaíodh chun an boilsciú a chur san áireamh. | **FÍOR** |
| Is é is rátaí úis ainmniúla ann ná fíor-rátaí úis a coigeartaíodh chun an boilsciú a chur san áireamh. | **BRÉAGACH** |
| Bíonn fíor-rátaí úis diúltach má bhíonn an ráta boilscithe níos lú ná na rátaí úis ainmniúla. | **BRÉAGACH** |

**CUID 2 (200 MARC)**

## 6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

**1. (a) Céard a chiallaíonn an téarma 'cúngach praghais le costas'?**

Cúngach praghais le costas: An claonadh a bhíonn ag praghsanna ionchuir chun méadú níos tapa nó titim níos moille le himeacht ama ná praghsanna táirge/aschuir.

**(b) Agus an graf thuas á úsáid agat, ainmnigh na blianta idir 2007 agus 2011 inar bhain cúngach praghais le costas d'fheirmeoirí na hÉireann agus mínigh do fhreagra.**

Blianta: 2007 go 2009.

Míniúchán:
Idir 2007 agus 2008, bhí praghsanna aschuir ag ardú, ach bhí praghsanna ionchuir ag ardú níos tapa fós, rud a raibh cúngach praghais le costas mar thoradh air.
Idir 2008 agus 2009, thit praghsanna ionchuir, ach thit praghsanna aschuir níos tapa fós, rud a raibh cúngach praghais le costas mar thoradh air.

**(c)** Is féidir ionchuir a chatagóiriú mar seo:

| | |
|---|---|
| 1. | Iad sin a sholáthraítear taobh istigh den fheirmeoireacht agus a úsáidtear go príomha taobh istigh den fheirmeoireacht. |
| 2. | Iad sin a sholáthraítear ón taobh amuigh den fheirmeoireacht ach a úsáidtear go príomha taobh istigh den fheirmeoireacht. |
| 3. | Iad sin a sholáthraítear ón taobh amuigh den fheirmeoireacht ach a úsáidtear taobh istigh agus taobh amuigh den fheirmeoireacht. |

(i) Luaigh **dhá** shampla i ngach catagóir.
(ii) Déan plé ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar athruithe ar phraghsanna ionchur **i ngach** catagóir díobh.

**1. Iad sin a sholáthraítear taobh istigh di agus a úsáidtear go príomha taobh istigh den fheirmeoireacht féin:**

Samplaí: bianna ainmhithe, síol agus talamh.
Is minic a bhogann praghsanna ar aon dul le praghsanna táirge.
D'fhéadfadh go ndéanfadh coinníollacha aimsire difear do phraghsanna.

**2. Iad sin a sholáthraítear ón taobh amuigh den fheirmeoireacht ach a úsáidtear go príomha taobh istigh den fheirmeoireacht:**

Samplaí: leasacháin, agraicheimiceáin, innealra agus seirbhísí tréidliachta.
Bíonn praghsanna ag brath ar éileamh ó fheirmeoirí agus ar sholáthar an mhargaidh.

**3. Iad sin a sholáthraítear ón taobh amuigh den fheirmeoireacht ach a úsáidtear taobh istigh agus taobh amuigh den fheirmeoireacht:**

Samplaí: breosla, iompar, saothar agus caipiteal.
Is iad na fórsaí lasmuigh den fheirmeoireacht a chinneann praghsanna agus bogann na praghsanna seo ar aon dul le boilsciú ginearálta arna thomhas ag Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI).

2. (a) **Nuair atá feirmeoir ag cur iarratais isteach ar chreidmheas ba chóir dó a théarma, a urrús agus a chostas a chur san áireamh Déan plé ar gach ceann de na gnéithe seo den chreidmheas agus tagairt á déanamh agat do na cúinsí eacnamaíochta atá ann faoi láthair.**

**Téarma:** a thagraíonn don **tréimhse ama** a bhfuil creidmheas á lorg thairis. Is féidir cur síos a dhéanamh ar an téarma creidmheasa mar ghearrthéarmach (níos lú ná 1 bhliain), mheántéarmach (1 go 5 bliain) nó fadtéarmach (níos mó ná 5 bliana). Is minic a bhíonn an téarma a bhíonn á lorg ag brath ar an gcineál infheistíochta a bhíonn á déanamh (e.g. ceannach beostoic nó infheistíocht i bhforbairt feirme) agus ar an leibhéal creidmheasa dá dhroim sin a bhíonn á lorg. D'fhéadfadh go mbeadh iomlán níos mó le híoc thar an tréimhse iomlán sa deireadh i gcás iasachtaí ar théarma níos faide. Mar sin féin, is féidir aisíocaíochtaí míosúla a laghdú agus, dá bhrí sin, strus airgeadais a laghdú sna cúinsí eacnamaíochta atá ann faoi láthair trí théarma na hiasachta a fhadú.

**Urrús:** Is é is urrús, ar a dtugtar **comhthaobhacht** freisin, ann ná cásanna ina dtairgeann feirmeoir sócmhainní (e.g. talamh) d'iasachtóir, rudaí is féidir a dhíol sa chás nach mbítear ag cloí le téarmaí na hiasachta (e.g. sceideal aisíocaíochta). Is féidir creidmheas a thabhairt ar bhonn urraithe nó neamhurraithe, ag brath ar an leibhéal riosca a bhíonn i gceist. Go ginearálta, is creidmheas gearrthéarmach é creidmheas a thugtar gan gá a bheith ann le hurrús. Is minic a iarrann banc urrús ar fiú thart ar 70% de mhéid na hiasachta é. Mar sin féin, cé gur luacháil siad talamh, chun críocha urrúis, ag suas le €20,000 in aghaidh an acra cúig bliana ó shin, bíonn níos mó seans sa lá atá inniu ann go luachálfaidh siad é ag €7,000 go €10,000. Mar sin, ní mór d'fheirmeoirí a bheidh ullmhaithe do níos mó talún a chur ar fáil agus, dá bhrí sin, do bheith i mbaol níos mó mura mbíonn siad in ann an iasacht a aisíoc.

**Costas:** is iad na costais a bhaineann le creidmheas ná meascán de **rátaí úis** agus de na costais indíreacha a bhaineann le hiasachtaí (e.g. táillí dlí agus baincéireachta, ullmhúcháin chuntais). Is é an Banc Ceannais Eorpach a shocraíonn rátaí úis d'Éirinn, agus tá siad ag an leibhéal is ísle riamh faoi láthair. Cé gur cosúil go bhfuil creidmheas saor faoi láthair, tá sé tábhachtach go fóill go gcruthaíonn feirmeoirí go bhfuil dea-chumas aisíocaíochta acu. Agus a gcumas aisíocaíochta á ríomh acu, tá sé tábhachtach go gcuireann feirmeoirí neamhchinnteachtaí amach anseo san áireamh, mar shampla, gluaiseachtaí praghais i gcás aschuir feirme.

(b) **Ríomh an cumas aisíocaíochta iasachta atá ag feirmeoir a bhfuil ioncam iomlán bliantúil de €60,000 agus costais mhaireachtála theaghlaigh de €40,000 in aghaidh na bliana aige/aici más é €250 an aisíocaíocht bhliantúil ar iasacht €1,000.**

Ioncam iomlán bliantúil – costais iomlána mhaireachtála teaghlaigh arna roinnt ag méid aisíocaíochta.

60,000 – 40,000 = 20,000 / 250 = 80 x 1000 = **€80,000**

Tá cumas ag an bhfeirmeoir iasacht €80,000 a aisíoc, bunaithe ar na sonraí atá tugtha.

**(c) Déan plé ar dhá chúis ar chóir d'fheirmeoir buiséad faoi shreabhadh airgid a chruthú nuair atá sé ag smaoineamh ar iasacht a fháil.**

- Tuartar an ghluaiseacht airgid isteach san fheirm agus amach ón bhfeirm le buiséadadh sreabhadh airgid. Is féidir úsáid a bhaint as chun indéantacht airgeadais a thástáil e.g. na cistí is gá chun freastal ar íocaíochtaí a thagann chun cinn a léiriú agus is féidir úsáid a bhaint as chun a léiriú conas is féidir clár nua a mhaoiniú.
- Cabhraíonn sé leis an bhfeirmeoir i gcinnteoireacht mar go léiríonn sé insreafaí agus eis-sreafaí airgid amach anseo mar aon lena bhfoinsí agus leis an uair a tharlóidh siad.
- Sainaithníonn sé ganntanais airgid amach anseo agus cabhraíonn sé leis an bhfeirmeoir a riachtanais iasachtaí a phleanáil in am. Tá sé riachtanach nuair atáthar ag déanamh iarratais ar chreidmheas bainc.
- Cabhraíonn comparáid idir an Buiséad faoi Shreabhadh Airgid agus na figiúirí iarbhír leis an bhfeirmeoir smacht a choinneáil ar airgead na feirme. Fágann sé sin gur féidir monatóireacht a dhéanamh le himeacht ama ar phleananna feirme ionas gur féidir imeachtaí ón mbuiséad a aimsiú agus a cheartú go tapa má tá siad díobhálach.

**3. Taispeánann an tábla seo a leanas Aschur, Ionchuir agus Ioncam Talmhaíochta in 2011 na €m.**

**(a) Bain úsáid as an eolas sa tábla thuas chun iad míreanna (i) go (iv) a ríomh:**

| Aschur, Ionchuir agus Ioncam Talmhaíochta | 2011 (€milliúin) |
|---|---|
| Oll-luach na nAschur Talmhaíochta | 5,109 |
| - Ábhair agus Seirbhísí | 3,315 |
| **(i) Olltáirgeacht Talmhaíochta ar Phraghsanna an Mhargaidh** | **1,794** |
| + Íocaíochtaí Díreacha | 1,860 |
| - Tobhaigh | 15 |
| **(ii) Olltáirgeacht Talmhaíochta ar Thoisc-Chostas** | **3,639** |
| - Dímheas | 720 |
| **(iii) Glantáirgeacht Talmhaíochta ar Thoisc-Chostas** | **2,919** |
| - (Pá oibrithe talmhaíochta + cíos talaimh + Táillí Bainc) | 866 |
| **(iv) Ioncam na Feirme Teaghlaigh** | **2,053** |

**(b) Déan plé ar ról na n-easpórtálacha talmhaíochta mar chabhair d'Éirinn chun a deacrachtaí leanúnacha eacnamaíochta a shárú.**

- Tháinig méadú suntasach ar luach easpórtálacha talmhaíochta na hÉireann (25% idir 2009 agus 2011 go €8.85bn), agus chabhraigh sé sin go mór le téarnamh na hÉireann. D'eascair an méadú ar easpórtálacha as méadú ar éileamh thar lear, as praghsanna domhanda méadaithe agus as méadú ar aschur.
- Cruthaíonn an earnáil talmhaíochta glan-insreabhadh níos mó ná mar a chruthaítear in earnálacha eile mar gheall ar an aisdúichiú íseal brabúis agus mar gheall go bhfuil níos lú riachtanais ionchuir aici.
- Tá an earnáil chun tairbhe an gheilleagair freisin mar gheall ar an gcumas atá aici fostaíocht a chruthú agus sochair eile a dháileadh ar fud na tíre seachas i réigiúin iargúlta amháin. Tá 140,000 duine fostaithe san earnáil, arb ionann é agus 7.7% de líon iomlán na ndaoine atá fostaithe.
- Chabhraigh cur chun cinn thar lear easpórtálacha na hÉireann le híomhá 'ghlas' na hÉireann a fheabhsú freisin agus, dá bhrí sin, ghabhann sochair sheachtracha don turasóireacht agus do cheirdeanna eile leis.
- Tá sochair (e.g. fostaíocht) dáilte go maith ar fud na tíre.

**(c) Déan plé ar an dóigh a mbaineann Éire sochar as an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) i dtéarmaí na slí a dtéann sé i bhfeidhm go díreach ar an mbuiséad agus i dtéarmaí a thionchair ar phraghsanna trádála.**


**Sochair Bhuiséadacha:** Ó chuaigh sí isteach san AE i 1973, bhain Éire **glandáileadh** ó thaobh íocaíochtaí a bhaineann le CAP amach. In 2011, b'ionann an glantoradh ar bhuiséad a bhí ag caiteachas talmhaíochta an AE d'Éirinn agus €1.04 billiún. Rinneadh cuid mhaith den mhaoiniú sin i bhfoirm **aoníocaíocht feirme**, ar ioncam breise d'fheirmeoirí é. Soláthraíonn caiteachas ráthaíochta an AE 40% den chaiteachas iomlán poiblí ar an earnáil agraibhia, agus is ionann 99% de sin agus an Aoníocaíocht Feirme.

**Sochar praghais trádála:** Mar gheall ar CAP, is minic a bhíonn praghsanna tráchtearraí talmhaíochta **níos airde** ar mhargaí an AE ná mar a bhíonn siad ar mhargaí domhanda. Baineann Éire sochar ó thráchtearraí talmhaíochta a thrádáil ag na praghsanna níos airde sin. Meastar gurbh fhiú €0.54 billiún an glantoradh trádála d'Éirinn in 2011.

4. **Soláthraítear sa tábla seo a leanas figiúirí ar athruithe in úsáid leasacháin agus ar thoradh an bhairr ar fheirm phrátaí.**

| Leasachán (100 kg) | Toradh an Bhairr (Tonaí/heicteár) |
|---|---|
| 1 | 2 |
| 2 | 4 |
| 3 | 7 |
| 4 | 11 |
| 5 | 14 |
| 6 | 16 |
| 7 | 17 |
| 8 | 18 |
| 9 | 19 |
| 10 | 20 |

(a) **Agus úsáid á baint agat as an tábla thuas, tarraing cuar lántáirgeachta. Bíodh méid an leasacháin a úsáidtear ar an x-ais chothrománach agus toradh an bhairr ar an y-ais ingearach agat.**




(b) **Agus tú ag tagairt don cuar lántáirgeachta atá tarraingthe agat, mínigh na téarmaí seo a leanas:**

**(i) Torthaí méadaitheacha**: tarlaíonn siad seo nuair a dhéantar an méid de thoisc inathraitheach a chuirtear le cainníocht ar leith de thoisc sheasta a mhéadú arís agus arís eile. Ar dtús, méadaíonn an méadú ar aschur a chruthaíonn **gach aonad sa bhreis** den ionchur inathraitheach (i.e. éiríonn sé níos mó agus níos mó de réir mar a chuirtear gach aonad sa bhreis den ionchur inathraitheach leis). Tagann sé seo chun cinn mar gheall ar roinnt an tsaothair agus ar speisialtóireacht.

Idir 2 thona/ha agus 11 tona/ha. (nó idir 100 agus 400 kg leasacháin).
Tarlaíonn sé seo nuair a mhéadaíonn na méaduithe ar leibhéal aschuir arís agus arís eile do gach aonad sa bhreis den toisc inathraitheach (leasachán).

**(ii) Torthaí laghdaitheacha**: Ar deireadh, sroichfear pointe ag a laghdóidh an méadú ar aschur a chruthaíonn gach aonad sa bhreis den toisc inathraitheach (i.e. laghdaíonn aschur breise arís agus arís eile do gach aonad sa bhreis den toisc inathraitheach). Tagann sé seo chun cinn mar gheall ar infhaighteacht theoranta na toisce inathraithí (e.g. easpa caipitil).


Idir 11 tona/ha agus 17 dtona/ha. (nó idir 400 kg agus 700 kg leasacháin).
Tarlaíonn sé seo nuair a laghdaíonn na méaduithe ar an leibhéal aschuir arís agus arís eile do gach aonad sa bhreis den toisc inathraitheach (leasachán).

**(iii) Torthaí seasmhacha**: Tarlaíonn siad seo nuair a chruthaíonn gach aonad sa bhreis den ionchur inathraitheach an méadú céanna ar aschur (i.e. bíonn fás seasmhach in aschur iomlán).

Idir 17 dtona/ha agus 20 tona/ha. (nó idir 700 kg agus 1000 kg leasacháin). Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn athrú cobhsaí comhréireach ar aschur do gach aonad sa bhreis den toisc inathraitheach (leasachán).

**(c) Agus úsáid á baint agat as an gcuar lántáirgeachta atá tarraingthe agat, léirigh agus mínigh an tionchar atá ag dul chun cinn na teicneolaíochta ar thoradh an bhairr.**

Cuireann dul chun cinn na teicneolaíochta ar chumas feirmeoirí leibhéal méadaithe aschuir a tháirgeadh agus méid talún ar leith agus líon ar leith acmhainní eile á n-úsáid acu. Dá bhrí sin, cuirfear é sin in iúl trí **aistriú suas agus i dtreo na láimhe deise sa chuar lántáirgeachta**. Is féidir leis an bhfeirmeoir níos mó aschuir a tháirgeadh anois ag gach leibhéal úsáide leasacháin ná mar ab fhéidir roimh theacht isteach na teicneolaíochta níos fearr.



**5. Soláthraítear sa tábla seo a leanas figiúirí ar athrú ar fhíor-ioncam agus ar athruithe sa chainníocht de tháirgí éagsúla a éilítear i mbliain áirithe.**

| | |
|---|---|
| Méadú ar fhíor-ioncam airgid | + 3% |
| Athrú ar an gcainníocht de mhairteoil úr a éilítear | + 6% |
| Athrú ar an gcainníocht de bhainne a éilítear | + 1.5% |
| Athrú ar an gcainníocht de bhurgair mhairteola reoite a éilítear. | − 1.8% |

**(a) Mínigh an téarma ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar bhia.**

**Ioncamleaisteachas an éilimh**: an gaol/an méid freagrúlachta idir athruithe ar ioncam tomhaltóirí agus an chainníocht earra nó seirbhíse a éilítear. Léiríonn sé an t-athrú céatadáin sa chainníocht bia a éilítear a thiocfaidh ó athrú 1% ar ioncam tomhaltóirí.

**(b) Ríomh an YED do gach ceann de na táirgí thuas (mairteoil úr, bainne agus burgair mhairteola reoite).**

**Mairteoil Úr:** YED = 6 / 3 = 2.0

**Bainne:** YED = 1.5 / 3 = 0.5

**Burgair mhairteola reoite:** YED = **-**1.8 / 3 = – 0 .6

**(c) Mínigh cad a insíonn an YED a ríomh tú dúinn faoi nádúr gach táirge díobh.**

Tá **mairteoil úr** ioncamleaisteach agus is féidir cur síos uirthi mar shó-earra.
Tá an YED níos mó ná 1 agus tá sé dearfach.
Ceannaíonn tomhaltóirí 2% **breise** de mhairteoil úr i gcás gach méadú 1% ar a gcuid ioncaim.

Tá **bainne** ioncam-neamhleaisteach agus is féidir cur síos air mar earra riachtanach.
Tá an YED níos lú ná 1 agus tá sé dearfach.
Ní cheannaíonn tomhaltóirí **ach** 0.5% **breise** de bhainne i gcás gach méadú 1% ar a gcuid ioncaim.

Tá **Burgair Mhairteola Reoite** ioncam-neamhleaisteach agus is féidir cur síos orthu mar earra lagmheasa.
Tá an YED níos lú ná 1 agus tá sé diúltach.
Ceannaíonn tomhaltóirí 0.6% **níos lú** de bhurgair mhairteola reoite i gcás gach méadú 1% ar a gcuid ioncaim.

**(d) Is gnách go dtéann an YED ar bhia i laghad de réir mar a mhéadaíonn fíor-ioncaim. Mínigh cén fáth atá leis sin.**


De réir mar a bhaineann tíortha arduithe ar leibhéil fíorioncaim amach, stopann siad de bheith tearcfhorbartha (i.e. gannchothaithe) agus éiríonn siad níos forbartha. Ciallaíonn sé sin **go laghdaíonn an sciar d'ioncam daoine a chaitear ar bhia de réir mar a bhaineann an tír arduithe ar fhíorioncam amach.** Dá bhrí sin, laghdaíonn an YED do bhia de réir mar a ardaíonn fíorioncam. Tugtar 'Dlí Engel' ar an ngaol seo.

6. **"Mar bhonn agus mar thaca ag an ionchas idirnáisiúnta do bhia a bheith ar fáil agus do phraghsanna an bhia tá an gá leis an táirgeacht dhomhanda bia a mhéadú de 70% chun freastal ar an éileamh ar bhia a mheastar a bheidh ag an daonra faoi 2050."**
(An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara: Athbhreithniú Bliantúil agus Ionchas, 2011/12).

**Léiríonn an léaráid thíos an margadh domhanda do bhia, seasann $D_1D_1$ don éileamh domhanda agus $S_1S_1$ don soláthar domhanda.**

**(a) Déan cóip den léaráid thuas i do fhreagarleabhar.**

**(i) Agus úsáid á baint as an léaráid atá tarraingthe agat, léirigh an tionchar a bhíonn ag laghdú ar an méid bia a chuireann tomhaltóirí amú, ar phraghsanna agus ar chainníocht dhomhanda bia, agus déan plé air sin.**




Is é an toradh a bheidh ag laghdú ar an méid bia a chuirtear amú ná **laghdú ar an éileamh foriomlán ar bhia.** I dtíortha forbartha, is minic a chuirtear idir 40 agus 50 faoin gcéad den bhia amú (e.g. na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe), go príomha mar gheall go mbíonn teaghlaigh ag caitheamh amach bia neamhúsáidte.

Is é an toradh atá ar an laghdú ar éileamh ná **gluaiseacht ar chuar an tsoláthair ($E_1$ go $E_2$), go dtí an pointe nua cothromaíochta** ($E_2$), rud as a dtagann **laghdú sa phraghas cothromaíochta** ($P_1$ go $P_2$).

Is é an tionchar foriomlán a bheidh aige ná **laghdú ar phraghsanna domhanda bia agus ar chainníocht dhomhanda bia**.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chostas don tsochaí a bhaineann le cur amú bia.**


- Damáiste don chomhshaol
- Acmhainní laghdaitheacha nádúrtha á gcur amú
- Cuireann sé le costais ardaitheacha bhia i dtíortha i mbéal forbartha
- Níos mó úsáide á baint as láithreáin líonta talún.

**(iii) Déan plé ar dhá shlí a bhféadfadh rialtais laghdú ar an méid bia a chuireann tomhaltóirí amú.**

- Faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí chun feasacht a ardú/dearcadh an phobail a athrú i leith cur amú bia
- Feasacht a ardú i measc bialann agus gnólachtaí eile ar an gcoigilteas is féidir a dhéanamh trí chur amú bia a laghdú
- Sonraí níos cruinne a chur ar fáil chun gur féidir monatóireacht a dhéanamh
- Oibriú le gnólachtaí chun cur amú bia a laghdú (e.g. gnólachtaí a spreagadh chun comhoibriú le chéile ar mhaithe le cur amú bia a laghdú) nó smaoineamh faoi rialáil
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ar leasú/stóráil bia.
- Bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar shlabhra an tsoláthair chun a chinntiú nach gcaillfear bia agus é á iompar ó chéim amháin go céim eile
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhátaí 'ar chóir nithe a dhíol fúthu' atá dian gan ghá
- An t-éileamh atá ar bhia atá foirfe ó thaobh cúrsaí cosmaideacha de a dhíspreagadh / díoltóirí a leagan caighdeáin dhiana síos maidir leis an gcuma fhisiciúil atá ar tháirgí a dhíspreagadh.

**(b) Déan cóip den léaráid thuas i do fhreagarleabhar arís.**

**(i) Agus tú ag baint úsáide as an léaráid atá tarraingthe agat, léirigh an tionchar a bhíonn ag bainistíocht níos fearr ar an soláthar uisce, ar phraghsanna agus ar chainníocht dhomhanda bia, agus déan plé air sin.**




Fágfaidh bainistíocht níos fearr ar acmhainní a úsáidtear sa talmhaíocht, e.g. uisce, go mbeifear in ann feirmeoireacht níos déine a dhéanamh ar an talamh atá ann faoi láthair agus ar thalamh nach n-úsáidtear faoi láthair ach a thabharfar isteach sa phróiseas táirgthe. Laghdódh sé sin costais feirme, agus **mhéadófaí an soláthar** bia dá bharr ($S_1S_1$ go $S_2S_2$ thuas).

Is é an toradh atá ar an méadú seo ar sholáthar ná **gluaiseacht ar chuar an tsoláthair ($E_1$ go $E_2$), go dtí an pointe nua cothromaíochta** (**$E_2$**), rud as a dtagann **praghas laghdaithe cothromaíochta** ($P_2$).

Is é an tíonchar foriomlán a bheidh ag an méadú seo ar sholáthar ná **laghdú ar phraghsanna domhanda bia agus meadú ar chainníocht dhomhanda bia.**

**(ii) Déan plé ar dhá shlí a bhféadfadh rialtais bainistíocht an tsoláthair uisce a fheabhsú.**

- Uisce a stóráil ar bhealach níos fearr le linn séasúr fliuch nó tuilte (e.g. taiscumair, dambaí)
- Infheistíocht a dhéanamh i gcórais níos fearr uisciúcháin a fhorbairt (níos lú caillteanais mar gheall ar sceitheadh agus ar dhraenáil amach)
- Infheistíocht a dhéanamh i mbarra atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh a fhorbairt
- Níos mó sonraí a bhailiú chun gur féidir bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar uisce
- Bainistíocht a dhéanamh ar úsáid uirbeach uisce agus an méid a thruaillíonn fuíoll uirbeach uisce úr a laghdú
- Is minic a bhíonn uisce praghsáilte faoi bhun a fhíorphraghais (mar gheall ar fhóirdheontais) agus, dá bhrí sin, ní bhíonn an oiread sin dreasachta ag úsáideoirí a gcuid úsáide a laghdú. Díspreagfaidh forchur táillí uisce feirmeacha chun uisce, ar acmhainn ghann é, a chur amú.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán